

Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030:

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

AN FHÍS

Is é aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil. Is aidhm ar leith de chuid an Rialtais é a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla. Tá sé ina dhlúthchuid de pholasaí an Rialtais i leith na teanga go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith don teanga sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise an taighde a léiríonn go bhfuil géarchéim ann maidir le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh sa Ghaeltacht.

Is é aidhm pholasaí an Rialtais chomh maith:

- cur le méid na dteaghlach ar fud na tíre a bhaineann úsáid as an nGaeilge mar theanga chumarsáide laethúil;*
- tacaíocht theangeolaíoch a sholáthar don Ghaeltacht mar phobal labhartha Gaeilge a thugann aitheantas do shainriachtanais na gceantar sin ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh;*
- a chinntiú chomh fada agus is féidir go mbeidh úsáid na Gaeilge nó an Bhéarla mar rogha ag an saoránach i ndioscúrsa poiblí agus i seirbhísí poiblí agus de réir a chéile go ndéanfaidh níos mó daoine ar fud an Stáit cinneadh a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge; agus*
- a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge níos infheicthe sa tsochaí againn, mar theanga labhartha ag ár gcuid saoránach mar aon le bheith le feiceáil ar chomharthaí agus i litríocht.*

Tá an Ghaeilge mar chuid de chultúr agus d'oidhreacht Thuaisceart Éireann agus tá cur chun cinn agus cosaint na teanga ann mar thosaíocht freisin ag an Rialtas.

Aithníonn an Rialtas an buntáiste mór freisin dá gcuid saoránach líofacht Béarla a bheith acu, an teanga is mó úsáide i ngnóthaí idirnáisiúnta. Geallann an Rialtas go gcinnteoidh siad go gcoinneofar an buntáiste seo trí shochaí dhátheangach a fhorbairt ina mbeidh an oiread daoine agus is féidir in ann Gaeilge agus Béarla a úsáid chomh héasca le chéile. Aithníonn an Rialtas chomh maith, áfach, na riachtanais ar leith atá ag an nGhaeltacht mar cheantar saineúil teanga agus sa chomhthéacs sin aithnítear nach i gcónaí a oireann polasaí dátheangach do cheantair Ghaeltachta.

Siúd agus gur príomhfhócas den Straitéis seo seasamh na Gaeilge sa chóras oideachais a neartú, tá an-tábhacht leis an nGaeilge mar theanga bheo a chur ar aghaidh laistigh den teaghlach agus idir na glúine. Is é an cur chuige foriomlán atá againn creat oibre tacúil a chruthú agus deiseanna a chruthú trína bhféadfar an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhealach nádúrtha laistigh de líonta tí agus de phobail. Tá tábhacht nach beag ag baint leis seo i gcomhthéacs na Gaeltachta.

Braitheann an méid atá i ndán don teanga ar dhaoine a roghnóidh go cinnte leas a bhaint as na deiseanna a chruthóidh an Straitéis seo. Sin é an dúshlán atá amach romhainn ar fad.

CUSPÓIRÍ SONRACHA NA STRAITÉISE

Mar thoradh ar *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006*, leagadh amach mar mhórspriocna nithe seo a leanas a mhéadú sna 20 bliainamach romhainn:

- an líon daoine a mbeidh eolas acu ar an nGaeilge a ardú go 2 mhilliún; agus
- an líon daoine a úsáideann an Ghaeilge gach lá a ardú go 250,000.

Ba iad na haidhmeanna sonracha agus an Straitéis seo á hullmhú:

- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú go 250,000;
- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht gach lá a ardú faoi 25% tríd is tríd, mar beidh borradh a chur faoin nGaeltacht fíorthábhachtach don Straitéis fhoriomlán; agus
- an líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge agus atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga a ardú.

COMHTHÉACS POLASAÍ

Luaitear an méid seo a leanas in airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann:

“Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.”

D'eascair an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge seo as an stádas atá ag an teanga sa Bhunreacht agus tógtar ar *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge* a foilsíodh i mí na Nollag 2006. Dhearbhaigh an Ráiteas tacaíocht an Rialtais d'fhorbairt agus do chaomhnú na Gaeilge agus na Gaeltachta agus leag sé amach 13 cuspóir ó thaobh polasaí maidir leis sin. Baineann na cuspóirí seo a leanas leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Cuspóir 1: Seasfar leis an stádas faoi leith atá ag an nGaeilge sa Bhunreacht agus i ndlíthe na tíre ar nós Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, An tAcht Oideachais 1998, An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus An tAcht Craolacháin 2001¹.

Cuspóir 2: Cuirfear Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm go hiomlán. Forbrófar cearta an phobail an Ghaeilge a úsáid agus iad ag plé leis an Stát agus le dreamanna eile agus déanfar socruithe cuí chun é seo a chur i bhfeidhm.

Cuspóir 3: Tabharfar spreagadh agus tacaíocht do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, an Ghaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile mar theanga teaghlaigh. Chuige sin, cuirfear réimse leathan seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Cuspóir 4: Tabharfar tacaíocht ar leith don Ghaeltacht mar cheantar labhartha Gaeilge.

Cuspóir 5: Déanfar an Ghaeilge a theagasc mar ábhar riachtanach ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na hArdteistiméireachta. Cuirfidh an curaclam ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh go cruinn, chomh maith le tuiscint a thabhairt dóibh ar fhiúntas na teanga dúinn mar phobal. Chun na críche seo, déanfar infheistíocht fheabhsaithe i bhforbairt phroifisiúnta agus i dtacaíocht leanúnach do mhúinteoirí mar aon le i soláthar téacsleabhar agus acmhainní, agus i dtacaíocht do mhodhanna nuálacha teagaisc agus foghlama.

Cuspóir 6: Cuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltaí scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do ghaelscoileanna ag leibhéal na bunscoile agus déanfar forbairt ar sholáthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile chun freastal ar éileamh de réir mar is gá.

Cuspóir 7:déanfar breis forbartha ar an gcóras oideachais tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge.

Is aidhm de chuid an Rialtais é freisin tacú le cur chun cinn agus le teagasc na Gaeilge thar lear, tríd an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Tá béim faoi leith curtha ar thacaíocht a thabhairt do mhúineadh na Gaeilge i gcoláistí tríú leibhéal i roinnt tíortha éagsúla.

¹Acht Craolacháin 2009 anois

Plean Forfheidhmithe – An Roinn Oideachais agus Scileanna

1. Réimsí Gnímh san Oideachas

- 1.1 Naisc le húsáid na teanga lasmuigh den scoil**
- 1.2 Páirt-Tumadh**
- 1.3 Measúnú Náisiúnta**
- 1.4 Curaclam do mhúineadh na Gaeilge**
- 1.5 Oideachas Múinteoirí**
- 1.6 Oideachas Príomhshrutha – An Córas Bunscoile**
- 1.7 Oideachas trí mheán na Gaeilge – An Córas Bunscoile**
- 1.8 Oideachas trí mheán na Gaeilge – An Córas Iar-bhunscoile**
- 1.9 Oideachas Ardleibhéil in Éirinn**
- 1.10 Daoine Fásta ag Foghlaim Teanga**
- 1.11 Seirbhísí Comhairle agus Tacaíochta**
- 1.12 Oideachas sa Ghaeltacht**
- 1.13 Bunú Scoileanna Nua**
- 1.14 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)**

2. An Ghaeltacht – Pleanáil Teanga sa Ghaeltacht

3. Riarachán, Seirbhísí agus Pobal

3.1 Tionscnaimh agus Pleananna Teanga Áitiúla Iasmuigh den Ghaeltacht

4. Na Meáin agus an Teicneolaíocht

Plean Forfheidhmithe – An Roinn Oideachais agus Scileanna

1. Réimsí Gnímh san Oideachas

1.1 Naisc le húsáid na teanga lasmuigh den scoil

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.1.1	Leanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ag cur le forbairt chóras na gcoláistí samhraidh Gaeilge sa Ghaeltacht. Leagfar béim faoi leith ar chúnamh a thabhairt do na coláistí agus do na teaghlaigh a chuireann cóiríocht ar fáil do na foghlaimoirí teanga le cothabháil a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn siad agus le cur leo.	Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (REOG) Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)	Tá meabhrán tuisceana idir an Chigireacht, ROS agus an REOG chun monatóireacht a dhéanamh, thar ceann na REOG, ar ghné an oideachais de na coláistí samhraidh Gaeilge; rinneadh cigireacht agus tuairiscíodh i 2011 agus i 2012 ar 40 agus ar 38 cúrsaí faoi seach.	Ag tarlú go leanúnach
1.1.2	Cuideoidh athstruchtúrú agus feabhsú ar chlár a bheidh dírithe ar ábhair bhunmhúinteoirí leis sin agus beidh sé freisin mar chuid de leasuithe níos leithne a bheidh an Chomhairle Mhúinteoireachta a chur chun cinn i gcúrsaí tosaigh oideachais múinteoirí do bhunmhúinteoirí.	ROS An Chomhairle Mhúinteoireachta	Rinneadh athbhreithniú ar ábhar agus fad na dtréimhsí staidéir sa Ghaeltacht d'ábhair oidí bunskoile. Tá síneadh curtha leis an bhfad ó thréimhse amháin trí seachtaine go dhá thréimhse coicíse ar leith.	Thosaigh i 2012/2013 sna cláir Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí (OTM) comhreathacha uile ag an mbunleibhéal Bainfidh leis na cláir OTM comhleanúnacha uile ag an mbunleibhéal ó 2014/2015

1.2 Páirt-Tumadh

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.2.1	<p>Tá sé i gceist, chomh luath agus is féidir i gCéim Feidhmithe II, dul go dtí an staid ina dtairgfear páirt-tumadh sa Ghaeilge do gach leanbh. Déanfar é sin a fheidhmiú ar bhonn céimnithe ag teacht leis an dul chun cinn a dhéanfar ó thaobh inniúlachtaí múinteoirí a neartú sa réimse sin trí chlár cuimsitheach infheistíochta d'fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí. D'fhéadfaí sin a sholáthar trí roinnt ábhair príomhshrutha a theagasc trí Ghaeilge i ranganna na naíonán agus mar chomhlánú air sin, dhéanfaí ullmhú i gCéim II ar réimsí ábhair ainmnithe a theagasc trí Ghaeilge sna blianta láir agus sna hardbhlianta sa bhunscoil. Ar deireadh, is é an aidhm atá ann faoin am a mbeidh Céim Feidhmithe III bainte amach go mbeidh oideachas páirt-tumtha i nGaeilge á thairiscint in ábhair eile do gach dalta sna scoileanna príomhshrutha a bhíonn ag gabháil don Ghaeilge mar chroí-ábhar. Bainfear na bearta sin amach ar bhonn céimnithe, agus le cuidiú leis sin déanfar infheistíocht i mbreisoiúint múinteoirí. Bainfear leas mar is cuí as dreasachtaí mar scéim duaiseanna GLEO (Gaeilge Labhartha san Earnáil Oideachais) le misneach a thabhairt do scoileanna sa réimse seo. Mar thacaíocht leis an straitéis sin, déanfar forbairt ar acmhainní agus ar ábhair do scoileanna agus cuirfear ar fáil iad.</p>	<p>ROS An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)</p>	<p>Tá an páirt-tumadh á phlé i gcomhthéacs an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcúrsaí curaclaim agus in oideachas múinteoirí.</p> <p>Tá curaclam teanga comhtháite nua don Ghaeilge agus don Bhéarla do bhunscoileanna á fhorbairt ag an CNCM faoi láthair. Beidh an curaclam seo ar fáil do naíonáin go rang a 2 i 2014 agus do na ranganna uile i 2016.</p> <p>Tá iarrtha ar an CNCM comhairle a sholáthar maidir le soláthar don pháirt-tumadh/don fhoghlaim chomhtháite ábhair agus teanga (FCÁT) sa churaclam teanga nua.</p>	<p>Ag tarlú go leanúnach</p> <p>2014 2016</p> <p>2013/2014</p>
1.2.2	<p>Beidh sé fós ina pholasaí náisiúnta tumoideachas trí Ghaeilge i ngach ábhar seachas Béarla i scoileanna Gaeltachta agus i ngaelscoileanna agus i naíonraí a chur chun cinn.</p>	<p>ROS</p>	<p>Tá sé i gceist ag an Aire Oideachais agus Scileanna bunús a chur faoin soláthar tumoideachais i mbunscoileanna trí ordú a dhéanamh faoi airteagal 33</p>	<p>2013/2014</p>

			<p>den Acht Oideachais chun an curaclam bunscoile a fhorordú. Mar chuid de seo, beidh socruithe chun tréimhse tumoideachais i nGaeilge a cheadú a bheidh le cur i bhfeidhm i mbunscoileanna lán-Ghaeilge (i.e. chomh fada le deireadh an chéad téarma sna Naíonáin Shinsir). Eiseofar imlitir go scoileanna ina dhiaidh sin.</p>	
--	--	--	--	--

1.3 Measúnú Náisiúnta

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.3.1	Déanfar measúnú náisiúnta ar inniúlacht éisteachta agus labhartha i nGaeilge a fheidhmiú sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach i gcás gach scoil dara leibhéal aitheanta. Aithnítear nach féidir go fírinneach, measúnú labhartha sa tsraith shóisearach a dhéanamh ach i gcomhthéacs sampla measúnaithe áitiúil a dhéanadh múinteoirí ranga faoi mhodhnóireacht sheachtrach. Tá ionstraimí tástála caighdeánaithe ag an mbunleibhéal á bhforbairt don Ghaeilge faoi láthair.	ROS	<p>Tá gníomh curtha i bhfeidhm don Ardteistiméireacht 2012 le 40% de na marcanna tugtha don labhairt agus 10% don chluastuisctint.</p> <p>Tá an CNCM chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar an athraithe i ndáileadh na marcanna sa scrúdú.</p> <p>Tá ardú tagtha ar líon na mac léinn a dhéanann an scrúdú Gaeilge sa Teastas Sóisearach agus a ghlacann an scrúdú béil i.e. 1% i 2007; 9% i 2011 agus 14.5% i 2012. Glactar leis go mbaineann an t-ardú leis an luacháil atá tugtha don scrúdú cainte i nGaeilge in Ardteistiméireacht 2012.</p> <p>Beidh an scrúdú cainte éigeantach sa tsraith shóisearach a bheidh i bhfeidhm sa scoilbhliain 2015/2016.</p>	<p>2011</p> <p>2013/2014</p> <p>2015</p>
1.3.2	Éilíonn nuálaíochtaí sa churaclam go ndéanfaí forbairt ar ionstraimí agus ar nósanna imeachta cuí le measúnú	ROS CNCM	Breathnóidh an CNCM maidir le nasc a chruthú leis an	2013 ar aghaidh

	<p>a dhéanamh ar fhoghlaim na Gaeilge. Féadfar nasc tairbhiúil a dhéanamh le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CCTET) le sainmhíniú a dhéanamh ar na caighdeáin teanga agus chumarsáide a fhíorófar faoi na nósanna imeachta measúnaithe.</p>		<p>CCTET nuair a bhíonn siollabas nua Gaeilge á fhorbairt don tsraith shóisearach agus nuair a bhíonn siollabas an tsraith shinsearaigh á athbhreithniú.</p>	
--	--	--	--	--

1.4 Curaclam do mhúineadh na Gaeilge

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.4.1	Tá an curaclam ag an leibhéal bunscoile sách nua agus dealraíonn sé go bhfuil comhaontú ann go bhfuil sé ag comhlíonadh dea-chleachtas agus ag teacht leis an smaointeoireacht reatha ar mhúineadh teangacha. Sa chomhthéacs sin, beidh níos mó fócais ar na cuspóirí teanga a chur in iúl ar bhonn níos soiléire ag leibhéal éagsúla na bunscolaíochta agus ar fhorbairt a dhéanamh ar ábhair ardchaighdeán le tacú le feidhmiú an churaclaim.	ROS	<p>Tá soláthar déanta sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta don leasú ar an gcuraclam Gaeilge do scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge agus trí Bhéarla araon ag baint úsáide as cur chuige ‘torthaí foghlama’ a chuirfidh in iúl cad leis a mbeifear ag súil go mbainfidh daltaí amach ag gach céim den bhunoideachas.</p> <p>Tá tús curtha ag an CNCM le hobair ar churaclam comhtháite teanga a fhorbairt don Bhéarla agus don Ghaeilge i gcomhthéacsanna éagsúla teanga. Cinnteoidh an CNCM go sásóidh an curaclam nua comhtháite teanga riachtanais na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, go háirithe maidir le léirthorthaí foghlama a sholáthar agus maidir le hábhair a chur san áireamh a shásaíonn riachtanais na ndaltaí i scoileanna a bhíonn</p>	<p>Curaclam na naíonán go rang 2- 2014</p> <p>Curaclam na ranganna uile- 2016</p>

			ag teagasc trí mheán na Gaeilge.	
1.4.2	Ag an mbunleibhéal, tá forbairt déanta ar churaclam Gaeilge ar leithligh do scoileanna Gaeltachta agus do ghaelscoileanna a thugann ar aird riachtanais teanga forbartha éagsúla a bhaineann le daltaí i scoileanna Béarla agus i ngaelscoileanna. Déanfar coigeartú ar an gcuraclam i ngaelscoileanna le níos mó béime a chur ar ról na Gaeilge ó thaobh fhorbairt chognaíoch agus mhothachtálach ghinearálta leanaí a chur chun cinn.	ROS	<p>Mar atá i 1.4.1.</p> <p>Deimhneoidh an CNCM go mbíonn soiléireacht sa churaclam nua maidir le tús foirmiúil na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta i nGaeilge agus i mBéarla i ngach scoil, scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht san áireamh.</p> <p>Ó mhí an Mheithimh 2012, éilítear ar scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge go ndéanfaidh siad trialacha i léitheoireacht na Gaeilge a riar agus na torthaí a chur in iúl do thuismitheoirí agus don ROS.</p>	<p>Curaclam na naíonán go rang 2- 2014</p> <p>Curaclam na ranganna uile- 2016</p> <p>2012</p>
1.4.3	Ag an iar-bhunleibhéal, leanfar de bheith ag soláthar difreáil tríd an nGaeilge a thairiscint ag trí leibhéal sa Teastas Sóisearach agus san Ardeistiméireacht agus beidh béim mhór ar inniúlacht cainte, éisteachta agus scríofa i nGaeilge a chothú agus ar athrú suntasach a chinntiú ina gcuirfear béim ar an nGaeilge mar theanga labhartha, le go mbeidh daltaí in ann cumarsáid agus a bheith i mbun caidrimh ar bhealach nádúrtha agus go labhrófar Gaeilge gach lá sna scoileanna.	ROS	<p>Mar atá i 1.3.1</p> <p>Beidh an ghné labhartha mar chuid riachtanach den mheasúnú sna siollabais nua don Ghaeilge sa tsraith shóisearach nua</p> <p>Tarlóidh athchóiriú ar shiollabas na Gaeilge ag an íosthréimhse den dara leibhéal mar thoradh ar chur i</p>	<p>2015</p> <p>2015</p>

			<p>bhfeidhm Chreata an tSraith Shóisearaigh (Deireadh Fómhair 2012); tarlóidh an t-athchóiriú seo céim ar chéim leis an athchóiriú a bheidh ag tarlú ag an mbunleibhéal. Beidh mionsonraí an tsiollabais ar fáil do scoileanna le cur faoi bhráid daltaí na chéad bhliana ón bhfómhar 2015 agus beidh teastais le bronnadh ar dhaltaí i 2018. Déanfar an Ghaeilge a ofráil ag dhá leibhéal sa tsraith shóisearach nua.</p> <p>Mar aon leis an gcomhshíollabas, tá sé i gceist gearrchúrsa roghnach speisialaithe a fhorbairt a thabharfaidh deis do dhaltaí i scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge staidéar a dhéanamh ar, agus aitheantas a fháil do rannpháirtíocht níos saibhre le gnéithe breise na teanga thar an sonrúchán comónta don Ghaeilge.</p> <p>Breathnófar freisin ar an tslí is fearr le freastal sa tsraith shinsearach ar an raon leathan riachtanas foghlama ag daltaí (ar a n-áirítear</p>	<p>Ag tarlú go leanúnach</p> <p>Ag tarlú go leanúnach</p>
--	--	--	--	---

			scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí Bhéarla, scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta).	
1.4.4	Tá siollabas athbhreithnithe i nGaeilge na hArdteistiméireachta á fheidhmiú i ngach scoil agus scrúdófar den chéad uair é in 2012. Tá sé leagtha amach sa chaoi go ndíreofar níos mó ar idirghníomhú ó thaobh na cainte sa seomra ranga agus beidh ardú go 40% sna marcanna a cheadófar don mheasúnú cainte. Déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta athbhreithniú ar fheidhmiú an tsiollabais i gcomhthéacs thaithí an chéad chohórt de na hiarrthóirí faoin gcóras measúnaithe athbhreithnithe. Ar na ceisteanna a bhreithneofar san athbhreithniú sin, beidh chomh maith agus a d'éirigh leis an siollabas ó thaobh aghaidh a thabhairt go cuí ar riachtanais gach dalta, lena n-áirítear daltaí a bhfuil ardchumas i nGaeilge acu, go háirithe i scoileanna Gaeltachta agus i ngaelscoileanna. Más gá, déanfar tuilleadh forbartha ar an siollabas i gcomhthéacs thorthaí an athbhreithnithe.	ROS	Rinneadh an siollabas leasaithe a chur i bhfeidhm do chohórt na ndaltaí a rinne scrúdú na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2012. Déanfaidh an CNCM athbhreithniú agus tuairisciú ar thaithí dhá chohórt mac léinn – iad siúd a rinne an Ardteistiméireacht i 2012 agus iad siúd a dhéanfaidh an Ardteistiméireacht i 2013.	2014

			<p>ar lean. Táthar ag súil go mbeidh críoch leis i 2014. Foilsítear tuairiscí de na cláirchreidiúnaithe ar shuíomh idirlín na Comhairle Múinteoireachta. Tá aird ar leith á díriú san athbhreithniú ar sholáthar don Ghaeilge lena chinntiú go dtugann sé aghaidh ar na tosaíochtaí straitéiseacha mar a chuirtear síos orthu sa Straitéis 20 Bliain, sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthacha (2011) agus i gcritéirí agus i dtreoirlínte na Comhairle do na cláir seo.</p> <p>Tá síneadh curtha leis an tréimhse staidéir éigeantach sa Ghaeltacht do bhunmhúinteoirí (dhá thréimhse coicise seachas tréimhse amháin trí seachtaine mar a bhí go dtí seo). Beidh sé mar chúram ar sholáthraithe oideachas tosaigh múinteoirí cáilíocht an ábhair, an teagaisc agus an mheasúnaithe ar eilimint na Gaeltachta de chláir OTM a dhearbhú.</p> <p>Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta taréis comhairliúcháin phoiblí a</p>	<p>Thosaigh i 2012/2013 sna cláir Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) comhreathacha uile ag an mbunleibhéal</p> <p>Bainfidh le cláir OTM comhleanúnacha uile ag an mbunleibhéal ó 2014/2015</p> <p>2013 ar aghaidh</p>
--	--	--	---	---

			thionól maidir le riachtanais iontrála do chúrsaí oideachas múinteoirí (mar atá luaite sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta) agus tuairisc a chur faoi bhráid na ROS. Tá tuairisc na Comhairle faoi chaibidil ag an ROS.	
1.5.2	Rachfar i gcomhairle leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar mhaithe le cur chuige débhealach a mholtar sa Straitéis seo a fheidhmiú chun an lucht saothair múinteoirí a ullmhú le freastal ar na cuspóirí atá molta.	An Chomhairle Mhúinteoireachta ROS	Mar atá i 1.5.1	Ag tarlú go leanúnach
1.5.3	Chun Cuspóir 5 de <i>Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006</i> a bhaint amach, déanfar plé leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar mhaithe lena bheith ag obair go leanúnach le caighdeán an chumais Ghaeilge do mhúineadh na Gaeilge mar ábhar a ardú.	ROS An Chomhairle Mhúinteoireachta	Mar atá i 1.5.1	Ag tarlú go leanúnach

1.6 Oideachas Príomhshrutha – An Córas Bunscoile

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.6.1	Lena chinntiú go mbainfear caighdeán 'Gaeilge Ghairmiúil' amach i ngach coláiste oideachais múinteoirí, táthar ag súil go neartóidh an Chomhairle Mhúinteoireachta, mar chuid den athbhreithniú atá luaite thuas, teagasc na Gaeilge feadh an tsoláthair tosaigh d'oideachas múinteoirí ar fad agus déanfaidh sí caighdeánú air.	An Chomhairle Mhúinteoireachta	Tugann na cúrsaí athchóirithe oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) deis fíorthábhachtach do sholáthraithe díriú ar chaighdeán na Gaeilge i measc múinteoirí bunscoile agus meánscoile i ndáil le teagasc na Gaeilge mar theanga bheo, agus an teanga in úsáid mar mheán cumarsáide agus mar mheán teagaisc. Tá athbhreithniú na Comhairle Múinteoireachta ar na cláir shínte, athchóirithe oideachas tosaigh múinteoirí ar lean. Táthar ag súil go mbeidh críoch leis i 2014. Tá aird ar leith á díriú san athbhreithniú ar sholáthar don Ghaeilge.	Deireadh Fomhair 2012 ar aghaidh 2014
1.6.2	Déanfar bearta le húsáid na Gaeilge tríd is tríd a spreagadh sa seomra ranga agus lasmuigh de.	ROS	Tá <i>Séideán Sí</i> curtha ar fáil do scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Chuir COGG tacaíocht ar fáil freisin do ghnéithe teicneolaíochta an chláir do scoileanna a bhíonn	2012

			ag teagasc trí mheán an Bhéarla.	
1.6.3	Déanfar ábhair eile atá sa churaclam d'oideachas tosaigh do mhúinteoirí, chomh maith le Gaeilge Ghairmiúil, a sholáthar trí mheán na Gaeilge.	ROS An Chomhairle Mhúinteoireachta	Tá roinnt coláistí a bhfuil gnéithe dá gclár OTM á sholáthar acu trí Ghaeilge mar rogha do ghrúpa teoranta mac léinn i mbliain-chohórt ar leith. Beidh méadú ar a leithéid mar ábhar plé ag an ROS leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis na hInstitiúidí Ardoideachais.	2013 – tús leis an bplé ar mhaithe lena chur chun cinn, b'fhéidir, i gCeim 2, 2013-2015
1.6.4	I réimse an oideachais múinteoirí, leanfaidh ábhair mhúinteoirí clár sainithe do theagasc teanga sa Ghaeltacht. Cuirfear freisin leis an am teagaisc agus freastail d'ábhair mhúinteoirí a dhéanann freastal ar chúrsaí Gaeltachta.	ROS An Chomhairle Mhúinteoireachta	I mí an Mheithimh 2012, ghlac an Chomhairle Mhúinteoireachta le moltaí an Ghrúpa Oibre ar an Tréimhse Staidéir sa Ghaeltacht: <ul style="list-style-type: none"> • go mbeidh an Tréimhse Staidéir sa Ghaeltacht mar phríomh ghné den chlár Gaeilge ag gach soláthraí OTM ag an mbunleibhéal • go gclúdfar clár sonracha a mbíonn dlúthbhaint aige le clár an Choláiste • go méadófar fad an tréimhse staidéir go ceithre sheachtain (dhá thréimhse coicise sa chéad, sa dara nó sa tríú bliain) • go mbeidh suas le 35 uair an chloig sa tseachtain i gceist leis na gníomhaíochtaí foghlama 	Thosaigh i 2012/2013 sna cláir OTM comhreathacha uile ag an mbunleibhéal Bainfidh le cláir OTM comhleanúnacha uile ag an mbunleibhéal ó 2014/2015

1.6.5	Tabharfar scéim scoláireachta Gaeltachta nua isteach do bhunmhúinteoirí le freastal ar dhianchúrsaí sa Ghaeltacht.	ROS	Níor tharla aon ghníomh i gCéim Feidhmithe 1, 2010-2012	Le cur san áireamh ar mhaithe lena chur chun cinn, b'fhéidir, i gCéim 2, 2013-2015
1.6.6	Spreagfar Coláistí Oideachais chun tionscnaimh a thosú chun mic léinn a mbeidh cumas ard acu i nGaeilge ón nGaeltacht, ó ghaelscoileanna agus ó scoileanna eile a mhealladh. Coinneofar suas le 20% de na háiteanna i gColáistí Oideachais múinteoirí do mhic léinn a fhaigheann a gcuid oideachais trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i ngaelscoileanna agus beidh mic léinn as scoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu incháilithe freisin faoi réir tairseach ard feidhmíochta i nGaeilge a bhaint amach san Ardeistiméireacht.	ROS An Chomhairle Mhúinteoireachta	Iarradh ar an gComhairle Mhúinteoireachta comhairle a sholáthar maidir leis an scéim iontrála do mhic léinn Gaeltachta ar chúrsaí B.Oid., agus tá pleananna i dtreo chun plé ar an ngnó seo a fhorbairt i 2013 leis an ROS, leis na Coláistí Oideachais agus leis an gComhairle Mhúinteoireachta.	Le tosú i 2013 ar mhaithe lena chur i bhfeidhm, b'fhéidir, i gCéim 2, 2013-2015
1.6.7	Socrófar tréimhse fhada sa Ghaeltacht do go leor de na hábhair mhúinteoirí, tréimhse ina leanfaidh na mic léinn clár sainmhínithe ó thaobh teagasc teanga.	ROS An Chomhairle Mhúinteoireachta	Níor tharla aon ghníomh i gCéim Feidhmithe 1, 2010-2012	Le cur san áireamh ar mhaithe lena chur chun cinn, b'fhéidir, i gCéim 2, 2013-2015
1.6.8	Cuirfear leis na comhpháirteanna Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge atá sa chúrsa céime Baitsiléir san Oideachas chomh maith le dianchúrsaí Gaeilge a sholáthar mar is cuí i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta.	ROS An Chomhairle Mhúinteoireachta	Féach an freagra ar 1.5.1 Cruthaíonn an cúrsa OTM athchóirithe deis do sholáthraithe freastal ar chaighdeán na Gaeilge ag múinteoirí bunscoile agus ag múinteoirí iar-bhunscoile i ndáil le teagasc na Gaeilge mar theanga bheo, agus an teanga in úsáid mar mheán cumarsáide agus mar mheán teagaisc.	Ag tarlú go leanúnach Ag tarlú go leanúnach
1.6.9	Tabharfar isteach speisialtóireacht nua i dteagasc bunscoile trí mheán na Gaeilge (páirt-tumadh nó tumadh iomlán) i gColáistí Oideachais.	ROS	Ní dócha go mbeidh a leithéid indéanta sa ghearrthéarma go	

			meántearma i ngeall ar na costais féideartha a bhaineann leis.	
--	--	--	--	--

1.7 Oideachas trí mheán na Gaeilge – An Córas Bunscoile

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.7.1	Tabharfar clár iarchéime isteach a bheidh dírithe go sonrach ar riachtanais na scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge. Tabharfar Diplóma larchéime nua san Oideachas Gaeilge (Bunmhúinteoireacht) isteach agus soláthróidh sé sainscileanna i nGaeilge dóibh sin a mbíonn clár oideachais múinteoirí críochnaithe cheana féin acu.	ROS Údarás Ardoideachais(ÚAO)/REOG	<p>Ní dócha go mbeidh a leithéid indéanta sa mheántearma i ngeall ar na costais féideartha a bhaineann leis.</p> <p>Tá MA i dTeagasc Teangacha-Gaeilge ar fáil in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaillimh mar a gcuirtear le scileanna múinteoirí reatha ionas gur féidir leo feidhmiú go hardchumasach i dtimpeallachtaí tumoideachais. Beidh na modúil atá ar fáil ar an gclár MA ar fáil do mhúinteoirí ar bhonn FGL.</p> <p>Tá M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge, Máistreacht san Oideachas le tosnú i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach Meán Fomhair, 2013</p> <p>Cuireann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí tacaíocht (SFGM) ar fáil go leanúnach do</p>	<p>Ag tarlú go leanúnach</p> <p>Meán Fomhair, 2013</p> <p>Ag tarlú go leanúnach</p>

			<p>mhúinteoirí atá i scoileanna lán-Ghaeilge.</p> <p>Cuireann COGG tacaíocht ar fáil do sholáthraithe do chúrsaí a bhaineann go sonrach le riachtanais mhúinteoirí i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Is samplaí iad na cúrsaí samhraidh do mhúinteoirí nuacháilithe, na ceardlanna ar theagasc na léitheoireachta éiritheach agus cúrsa dioplóma ar theagasc na healaíne trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí bunoidreachais agus iar-bhunoideachais.</p>	<p>Ag tarlú go leanúnach</p>
--	--	--	---	------------------------------

1.8 Oideachas trí mheán na Gaeilge – An Córas Iar-bhunscoile

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.8.1	Tabharfar Diplóma Iarchéime nua san Oideachas isteach a dhéanfar a sholáthar go hiomlán trí mheán na Gaeilge.	ROS ÚAO	Tá fáil in Ollscoil Náisiúnta na Gaillimhe ar an diplóma iarchéime don teagasc trí Ghaeilge ag an dara leibhéal. Breathnófar maidir le cur le líon na n-áiteanna nuair a bhíonn na hacmhainní ar fáil.	Ag tarlú go leanúnach
1.8.2	Chun cuidiú tuilleadh le Cuspóir 5 agus Cuspóir 6 de <i>Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006</i> a bhaint amach, bunófar Ionad Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil Múinteoirí trí Mheán na Gaeilge in institiúid oideachais atá ann cheana féin. Is ionad barr feabhais a bheidh ann a thabharfaidh cúnamh agus comhairle do na Coláistí Oideachais agus iad ag ullmhú múinteoirí don timthriall iomlán sna scoileanna ina ndéanfar an teagasc trí mheán na Gaeilge trí chomhchomhairle, gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla, cláir oiliúna chreidiúnaithe agus forbairt acmhainní. Oibreoidh an tIonad Náisiúnta i gcomhar leis na Coláistí Oideachais agus spreagfar soghluaiseacht na bhfoirne gairmiúla idir na córais agus na soláthróirí oideachais ar fad agus an tIonad Náisiúnta. Beidh cáilíocht ghairmiúil ar fáil do na múinteoirí bunscoileanna agus meánscoileanna ar fad le tacú leo le teagasc a dhéanamh i scoileanna a dhéanann teagasc trí mheán na Gaeilge. Is cáilíocht bhreise tharraingteach agus inmhianaithe a bheidh inti seo do dhaoine ar mian leo oibriú i scoileanna a dhéanann teagasc trí Ghaeilge	ROS	Ní dócha go mbeidh a leithéid indéanta sa ghearrthearma go meántearma i ngeall ar na costais féideartha a bhaineann leis.	

	agus is treoir úsáideach a bheidh inti d'fhostóirí go bhfuil an inniúlacht riachtanach teanga ag iarrthóirí.			
1.8.3	Cuirfear na cláir acadúla nua – Baitsiléir san Oideachas, Diplóma Céime san Oideachas (Teagasc Bunleibhéil) agus Diplóma Iarchéime san Oideachas - chomh maith le feidhmiú an Ionaid Náisiúnta d'Fhorbairt Phroifisiúnta Múinteoirí trí mheán na Gaeilge amach ar thairiscint iomaíoch phoiblí oscailte i measc na n-institiúidí oideachais cuí atá ann.	ROS An Chomhairle Mhúinteoireachta ÚAO	Ní dócha go mbeidh a leithéid indéanta sa ghearrthearma go meántearma i ngeall ar na costais féideartha a bhaineann leis.	
1.8.4	Cuirfear leis na deiseanna forbartha gairmiúla atá aitheanta thuas trí bhithin infheistíocht atá méadaithe go suntasach a chur isteach i roghanna forbartha gairmiúla ar líne agus gearrthréimhseacha le haghaidh múinteoirí atá ag obair agus cuirfear ar fáil iad trí na seirbhísí tacaíochta curaclaim agus trí ghréasán an Ionaid Oideachais ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile.	ROS	Cuireann an SFGM tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí i scoileanna agus in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Cuireann COGG tacaíocht ar fáil do sholáthraithe chun cúrsaí a sholáthar do na riachtanais ar leith a bhíonn ag múinteoirí a bhíonn ag teagasc in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Ina measc, tá cúrsa Gaeilge do mhúinteoirí iar-bhunscoile nuacháilithe i 2012 agus 2013 agus cúrsa iarchéime i dteagasc na healaíne trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí bunoidreachais agus iar-bhunoideachais. Tá an ROS ag comhoibriú leis an Roinn Oideachais, Tuaisceart Éireann maidir le	Ag tarlú go leanúnach Ag tarlú go leanúnach Ag tarlú go leanúnach

			<p>tionscnamh thuaidh/theas atá ag díriú ar ghníomhaíochtaí foghlama cumaisc a chur chun cinn i measc múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge lena n-áirítear scoileanna Gaeltachta. Tugann an tionscnamh deis freisin do mhúinteoirí samplaí den chleachtas is fearr agus acmhainní litearthachta agus uimhearthachta a roinnt.</p> <p>Tá an ROS taréis léirithe spéise a lorg ó Ionaid Oideachais maidir le coordú a dhéanamh ar FGL nua (suíomh lonnaithe nó ar líne) do scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge.</p>	2013
1.8.5	<p>Chun cuidiú tuilleadh leis na bearta sin agus chun cur le háit na teanga a dhaingniú sa chóras oideachais ag gach leibhéal, tabharfar aitheantas speisialta do scoileanna ina mbíonn dea-chleachtas ó thaobh mhúineadh na Gaeilge. Déanfar raon leathan de théacsleabhair, d'ábhair theicneolaíochta nua agus d'acmhainní le cuidiú le múineadh na Gaeilge agus le múineadh trí Ghaeilge a fhorbairt agus a chur ar fáil.</p>	<p>ROS Foras na Gaeilge</p> <p>ROS An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)</p>	<p>Tá sé seo á chur i bhfeidhm faoi láthair ag Foras na Gaeilge trí scéim GLEO (Thuaidh agus Theas araon).</p> <p>Tá €250,000 curtha ar fáil ag an ROS do COGG chun ábhair dhigiteacha a sholáthar do <i>Séideán Sí</i>. Tá mórghuiséad €1.55 milliún ag COGG.</p>	<p>Ag tarlú go leanúnach</p> <p>2013</p>
1.8.6	Cuirfimid scéim scoláireachtaí ar fáil do leanaí ó limistéir	ROS	Thosaigh an scéim seo i	

	faoi mhíbhuntáiste le freastal ar chúrsaí sa Ghaeltacht agus cuirfear maoiniú ar fáil do choláistí Gaeilge samhraidh ar fud na tíre.		2007 ach cuireadh deireadh leis i 2008. Tá scéim Campaí Samhraidh bunaithe a chuireann teagasc/cluichí/ gníomhaíochtaí eile ar fáil trí Ghaeilge do dhaltai ó bhunscoileanna DEIS ina gceantair féin.	Ag tarlú go leanúnach
1.8.7	Déanfar athbhreithniú ar na socruithe do dhíolúine ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge i scoileanna lena chinntiú go mbeidh díolúintí bunaithe ar chritéir theanga oibiachtúla.	ROS	Tá sé i gceist ag an ROS taighde a dhéanamh ar an tslí ina n-éilítear agus ina mbronntar díolúintí chun eolas a bheith ar fáil don athbhreithniú ar na socruithe reatha, i ngeall ar na hábhair imní a bhaineann leis an méadú suntasach i líon na n-iarrthóirí a éilíonn díolúintí, ina measc daltaí ó Ghaelscoileanna.	2014

1.9 Oideachas Ardleibhéil in Éirinn

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.9.1	<p>Caithfidh caighdeán ard a bheith ag baint le hoideachas tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge agus caithfear é a sholáthar ar bhealach straitéiseach agus comhordaithe lena chinntiú:</p> <ul style="list-style-type: none"> • go mbeidh deiseanna do mhic léinn leas a bhaint as tréimhsí fada socrúcháin/staidéir sa Ghaeltacht le cur lena gcumas sa teanga i dtimpeallacht ina labhraítear an teanga go nádúrtha; • go mbainfidh éagsúlacht leis an raon disciplíní a bheidh á dtairiscint agus go mbeidh fócas faoi leith ar riachtanais an mhargaidh do dhaoine a bheidh inniúil i nGaeilge; • go mbeidh cur amach céimithe a bheidh cáilithe go maith leis na scileanna sonracha is gá le freastal ar stádas náisiúnta agus stádas AE na Gaeilge; • go ndéanfar forbairt ar speisialtóireacht ar leith i ngach coláiste agus srian a chur le dúbailt soláthair go dtí suíomh amháin nó dhá shuíomh ar a mhéid; • go bhfaighfear luach ar airgead agus dearbhú cáilíochta sa taighde agus sa teagasc agus dúbailt nó ilroinnt a sheachaint freisin; agus • go bhforbrófar cúrsaí agus creidiúnú i nGaeilge Ghairmiúil don oiread gairmeacha agus is féidir. 	<p>REOG</p> <p>Institiúidí Ard-Oideachais (IAO) ar leith faoi choimirce an ÚAO</p>	<p>Cuireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge cláir fhochéime ar fáil (diplómaí agus céimeanna máistreachta) sa Ghaeilge Fheidhmeach, sa Chumarsáid, i Léann an Aistriúcháin, i bPleanáil Teanga, i Staidéir Riaracháin agus Bainistíochta, san Oideachas, i dTeicneolaíocht an Eolais agus sna Dána. Déantar na cúrsaí seo a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge in OÉ Gaillimh, in ionaid Ghaeltachta agus in ionaid fhor-rochtana eile. Tá comh-mhaoiniú á fháil ag an Acadamh ón REOG agus ón Údarás um Ardoideachas. Áirítear an chéim Mháistreachta i bPleanáil Teanga i measc na gcúrsaí.</p> <p>Cuireann roinnt institiúidí eile lena n-áirítear Fiontar DCU agus UCC cúrsaí tríú leibhéal ar fáil trí mheán na Gaeilge.</p>	<p>Ag tarlú go leanúnach</p>
1.9.2	<p>Cuirfear maoiniú ar fáil lena chur ar chumas an Údaráis um Ard-Oideachas clár sonracha a bhunú leis an earnáil</p>	<p>ROS</p>	<p>Is é an cistiú ón ROS a bhí leagtha amach go sonracha ag</p>	<p>Ag tarlú go leanúnach</p>

	seo a fhorbairt go straitéiseach.		<p>an Udarás um Ardoideachas (ÚAO) don Acadamh don bhliain féilire 2012 ná €1.8m. Tá dáileadh an tsoláthair mar an gcéanna do 2013. Rinne an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta €1m a aistriú, tríd an ÚAO, go dtí an Acadamh don bhliain acadúil 2012/13.</p> <p>Le breis agus 10 mbliana anuas, tá soláthar speisialta curtha ar fáil ag an ÚAO ina chroídhiontas do thionscnaimh a thacaíonn le húsáid bhreise na Gaeilge i measc mac léinn agus foirne na n-ollscoileanna agus na gcoláistí níos lú. I 2013, lean an tÚAO agus cuireadh thart ar €863,000 ar fáil d'institiúidí. Mar aon leis sin, cuireadh €13,600 ar fáil do Chomhairle Béaloideas Éireann i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. (Níl a leithéid de sholáthar airgeadais ar fáil faoi láthair in earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta agus ní dócha go mbeidh sé indéanta a leithéid a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaíonn cúinsí eacnamaíochta go mór.)</p>	
1.9.3	Tá sé tábhachtach ó thaobh normalú a dhéanamh ar úsáid na teanga go mbeadh teacht ar ranganna agus ar	IAOanna ar leith faoi	I measc na dtionscnamh in ollscoileanna agus i gcoláistí	Ag tarlú go leanúnach

	<p>ghníomhaíochtaí Gaeilge agus go gcruthófaí atmaisféar ar champas a aithníonn gur cuid dhlúth den saol sóisialta chomh maith le cuid dhlúth den saol acadúil sa choláiste í an teanga. Tá ról tábhachtach ag institiúidí tríú leibhéal ó thaobh tionchar a imirt ar an teanga a labhróidh duine ar feadh a shaoil agus ó thaobh a húsáide i measc mic léinn agus maidir le tacú le tionscnaimh theanga áitiúla sa phobal trí chéile agus spreagfar iad leis sin a dhéanamh.</p>	<p>choimirce an ÚAO</p>	<p>nasctha a mbíonn maoiniú le fáil acu ón ÚAO, áirítear</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tacaíocht teagaisc m.sh., meantóireacht agus oiliúint foirne, tacaíocht teanga, an fhorbairt ar acmhainní teagaisc trí Ghaeilge; • Tacaíocht do mhic léinn m.sh., ranganna Gaeilge a sholáthar, meantóireacht do mhic leinn i leith na teanga, scoláireachtaí agus gradaim iarchéime, tacaíocht theicniúil (saotharlanna teagaisc), imeachtaí maidir le gairmeacha trí mheán na Gaeilge, oiliúint i scileanna craoltóireachta; • Ábhair/modúil seachas Gaeilge a theagasc trí mheán na Gaeilge m.sh., Matamaitic, Dioplóma Iarchéime san Oideachas; • 'Tithe'/árais chónaithe do mhic léinn lonnaithe ar an gcampas; • Cur chun cinn na Gaeilge ar champas institiúidí m.sh., Seachtain na Gaeilge, timpeallacht dátheangach a chothú ar champas, Oifigigh Ghaeilge a cheapadh, foilseacháin agus láithreáin ghréasáin dátheangacha, cúrsaí Gaeilge do mhic léinn idirnáisiúnta, imeachtaí 	
--	---	-------------------------	---	--

			cultúrtha i nGaeilge.	
--	--	--	-----------------------	--

1.10 Daoine Fásta ag Foghlaim Teanga

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.10.1	Tabharfar tuilleadh deiseanna do dhaoine fásta ar suim leo an teanga a fhoghlaim nó cur lena gcumas Gaeilge a labhairt.	ROS	Mar chúid den Scéim Aoslitearthachta agus Oideachas Pobail (ALCES) agus den Tionscnaíocht Ar Ais Ar Scoil (BTEI), a bhfuil maoiniú acu araon ón Roinn Oideachais agus Scileanna, cuireann na Coistí Gairmoideachais (CGOanna) cúrsaí Gaeilge ar fáil saor in aisce do dhaoine fásta. Is iad na CGOanna a shocraíonn cineál, fairsinge agus suíomh na gcúrsaí a chuirtear ar fáil, ar a n-áirítear cúrsaí Gaeilge, ón deontas cionnroinnte.	Ag tarlú go leanúnach
1.10.2	Déanfar clár foghlama Gaeilge a bheidh creidiúnaithe do dhaoine fásta agus déanfaidh sé freastal ar gach leibhéal mar an clár foghlama teanga náisiúnta comhaontaithe.	ROS	<p>Mar atá i 1.10.1</p> <p>Is féidir le foghlaimeoirí fásta freastal freisin ar ranganna Gaeilge laistigh den ALCES agus BTEI agus iad ag ullmhú do scrúduithe Gaeilge an Teastas Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta (gnáthleibhéal).</p> <p>Déanann Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) cúrsaí Gaeilge a</p>	<p>Ag tarlú go leanúnach</p> <p>Ag tarlú go leanúnach</p> <p>Ag tarlú go leanúnach</p>

			<p>theistiú. Cuireann roinnt institiúidí tríú leibhéal cúrsaí ar fáil trí Ghaeilge freisin mar chuid de na cineálacha cúrsaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a bhfuil sé mar aidhm acu cumas foghlaimoirí sa teanga a fheabhsú. Tá na cúrsaí seo nasctha leis an gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CCTET) nó bunaithe ar Theastas Eorpach na Gaeilge atá curtha ar fáil ag OÉ, Maigh Nuad.</p>	
--	--	--	---	--

1.11 Seirbhísí Comhairle agus Tacaíochta

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.11.1	Tabharfar comhairle shonrach do na grúpaí seo a leanas:			
1.11.2	<p>Leanaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga agus/nó leanaí atá ag freastal ar scoileanna a bhfuil an Ghaeilge mar mheán iontu.</p> <p>Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh foireann ghairmiúil agus foireann pharaghairmiúil tacaíocht go leanúnach do chothabháil na Gaeilge. Cuirfear in iúl do na grúpaí gairmiúla sin an lear mór litríochta atá ann a léiríonn na buntáistí intleachta, labhartha agus na buntáistí ó thaobh slite beatha a bhaineann leis an dátheangachas.</p> <p>Tabharfar comhairle shonrach le tacú le riachtanais dhátheangacha leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.</p>	<p>ROS</p> <p>ROS/ COGG</p>	Níor tharla aon ghníomh i gCéim Feidhmithe 1, 2010-2012	Le cur san áireamh ar mhaithe lena chur chun cinn, b'fhéidir, i gCéim 2, 2013-2015
1.11.3	<p>Leanaí arb é an Béarla a gcéad teanga agus/nó leanaí atá ag freastal ar scoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu.</p> <p>Cuirfear eolas ar fáil freisin d'fhoireann na scoile a bhíonn ag déileáil le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu faoi na buntáistí intleachta, labhartha agus na buntáistí ó thaobh slite beatha a bhaineann leis an dátheangachas – agus go háirithe na buntáistí a bhaineann le Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.</p>	ROS	Níor tharla aon ghníomh i gCéim Feidhmithe 1, 2010-2012	Le cur san áireamh ar mhaithe lena chur chun cinn, b'fhéidir, i gCéim 2, 2013-2015
1.11.4	<p>Clann inimirceach in Éirinn.</p> <p>Tabharfar an deis do leanaí inimirceach atá tar éis teacht go hÉirinn le gairid a bheith páirteach i ngach gníomhaíocht Gaeilge agus tabharfar aird faoi leith ar a gcuid riachtanas foghlama teanga.</p>	ROS	<p>Bíonn deis ag leanaí lucht inimirce Gaeilge a fhoghlaim mar chuid den soláthar príomhshrutha.</p> <p>Faoi láthair, tá an CNCM ag forbairt curaclaim</p>	<p>Ag tarlú go leanúnach</p> <p>2014 2016</p>

			<p>chomhtháite teanga nua do bhunscoileanna a léireoidh go soiléir na torthaí foghlama do dhaltáí uile na bunscoile. Cuirfear na torthaí foghlama i láthair mar chontanam foghlama a ligfidh do dhaltáí bunscoile, leanaí lucht inimirce san áireamh, foghlaim de réir a luais féin agus de réir a sainriachtanais teanga aonair. Beidh torthaí an churaclaim teanga nua ar fáil do naíonáin go rang a dó i 2014 agus do na ranganna uile i 2016.</p>	
--	--	--	---	--

1.12 Oideachas sa Ghaeltacht

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.12.1	Baineann na bearta thuas ar fad chomh maith céanna leis an nGaeltacht. Chomh maith leo sin, aithníonn an Rialtas an deacracht faoi leith a bhaineann le freastal ar riachtanais leanáí lena mbaineann cumais teanga éagsúla i scoileanna na Gaeltachta. Agus féadann an scéal sin a bheith níos casta fós ag brath ar stádas na Gaeilge laistigh de phobal na scoile. Aithnítear gur ceist mhór do scoileanna Gaeltachta iad acmhainní teagaisc ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal araon. Is fiú a thabhairt ar aird, de bharr infheistíochta ó Fhoras na Gaeilge agus ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), go bhfuil feabhas mór tagtha ar acmhainní atá ar fáil do theagasc trí Ghaeilge cé go dteastaíonn infheistíocht mharthanach sa réimse sin. Baineann na riachtanais chéanna le gaelscoileanna. Chomh maith leis sin, tá géarghá le hacmhainní don Ghaeilge a sholáthar do bhunscoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu.	ROS COGG	Tá buiséad €1.55 milliún ag COGG do 2013 chun a chur ar a cumas a sainordú reachtúil a chur i gcrích maidir le soláthar téacsleabhar agus acmhainní do scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge mar aon le scoileanna príomhshrutha a phleanáil agus a chomhordú. Cuirfear le cumas COGG freastal ar a sainchúraimí trí fheidhmeanna cúl-oifige a roinnt le CNCM ó mhí Iúil 2013.	Ag tarlú go leanúnach 2013
1.12.2	Ag an am céanna, tuigeann an Rialtas go maith an tábhacht a bhaineann leis an gcóras oideachais ó thaobh chothabháil na teanga sa Ghaeltacht agus cuireadh an cuspóir sin san áireamh san Acht Oideachais 1998.	ROS	Tá pleananna ann maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar oideachais sa Ghaeltacht chun eolas a sholáthar do na féidearthachtaí i bhforbairt bheartas oideachais don Ghaeltacht i dtimpeallacht ina mbíonn an Ghaeilge mar phríomhtheanga bhaile ag roinnt mac léinn, mar dhara theanga ag roinnt mac léinn nó fiú mar thriú teanga	2013/2014

			ag mic léinn eile. ²	
1.12.3	Déanfar athbhreithniú ar an scéim scoláireachtaí Gaeltachta a fheidhmíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna le súil cur lena héifeachtacht mar shásra tacaíochta don Ghaeilge.	ROS REOG	Tá scéim nua sparántachtaí amháin bunaithe ar thuillteanas cruthaithe in ionad na gcúig scoláireachtaí don ardoideachas, scoláireachtaí Sheachtain na Cásca 1916 agus scoláireachtaí na Gaeilge san áireamh. Féach freisin 1.8.6.	2012
1.12.4	Déanfar beart láithreach le dlús a chur le forbairt an ionaid acmhainní oideachais Ghaeilge i mBaile Bhuirne i gCo. Chorcaí.	ROS	Níl sé seo indéanta laistigh de na hacmhainní atá ann faoi láthair.	
1.12.5	Déanfar forbairt ar aonad sealbhaithe teanga ag an mbunleibhéal i ngach ceann de na trí phríomhréigiún Gaeltachta.	ROS	Níor tharla aon ghníomh i gCéim Feidhmithe 1, 2010-2012	Le cur san áireamh ar mhaithe lena chur chun cinn, b'fhéidir, i gCéim 2, 2013-2015
1.12.6	Leanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag leithroinnt cigirí ainmnithe do scoileanna Gaeltachta agus do ghaelscoileanna.	ROS	Leanfar le hinniúlacht sa Ghaeilge a bheith mar cheann de na critéir iontrála sna comórtais earcaíochta do chigirí.	Ag tarlú go leanúnach
1.12.7	Déanfar athbhreithniú ar an gcur chuige atá ann faoi láthair ó thaobh Coláistí Samhraidh Gaeltachta ar mhaithe le ról níos comhleanúnaí a thabhairt don Stát i rialáil agus i bhforbairt na gcoláistí sin, le cur le héifeachtacht agus caighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu agus le próiseas deartha curaclaim a chinntiú iontu atá níos fearr agus níos comhleanúnaí.	REOG (le comhairle mar is gá ó Chigireacht na ROS)	Tá coimisiúnú déanta ag COGG ar thionscnamh taighde chun tionchar na gcoláistí samhraidh sa Ghaeltacht a iniúchadh maidir lena n-éifeachtacht ar chumas agus ar dhearcthaí i	Ag tarlú go leanúnach

² Bíonn an Ghaeilge in a dara theanga ag mic léinn a labhraíonn teanga eile seachas an Ghaeilge mar phríomhtheanga sa bhaile. Bíonn an Ghaeilge in a tríú teanga ag mic léinn, leanaí lucht inimirce de ghnáth, a labhraíonn dhá theanga eile sula dtosnaíonn siad ar Ghaeilge a fhoghlaim.

			leith na Gaeilge.	
1.12.8	Beidh sé fós ina pholasáí náisiúnta tumoideachas trí Ghaeilge a chur chun cinn i ngach ábhar seachas Béarla i scoileanna Gaeltachta agus i ngaelscoileanna agus i naíonraí.	ROS RLGÓ	Féach 1.2.2	2013/2014
1.12.9	Déanfar athbhreithniú ar an soláthar tumoideachais ag leibhéal na hiarbhunscoile sna Gaelscoileanna agus sa Ghaeltacht.	ROS	Tá pleananna ann chun taighde a dhéanamh ar oideachas sa Ghaeltacht chun eolas a chur ar fáil maidir le polasaí oideachais Gaeltachta a fhorbairt.	2013/2014
1.12.10	Déanfar scéimeanna a fheidhmíonn an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta chun tacú leis an gcóras oideachais sa Ghaeltacht (amhail tacaíochtaí do chúntóirí Gaeilge agus tacaíochtaí eile i scoileanna Gaeltachta, chomh maith leis an scéim cuairteanna baile ar mhaithe le tacaíocht teanga) a neartú i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.	ROS REOG	Déanfar a leithéid de scéimeanna agus de thacaíochtaí a phlé ag cruinnithe de Choiste Déthaobhach na ROS agus na REOG a tharlaíonn go rialta.	Ag tarlú go leanúnach
1.12.11	Leanfar de bheith ag tabhairt deise do gach dalta Gaeltachta a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge. Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhairle leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta iniúchadh ar na socruithe oiriúnacha don soláthar sin i gcúinsí athraitheacha gach limistéir Ghaeltachta agus cuirfear i bhfeidhm iad.	ROS REOG	Cuirfidh torthaí an taighde atá beartaithe i 1.12.10 eolas ar fáil a chuideoidh le polasaí na ROS a threorú amach anseo i leith an tsoláthair trí mheán na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta.	2013/2014
1.12.12	Déanfar socruithe struchtúrtha cuí, i gcomhthéacs aon athbhreithniú ar struchtúir na gCoistí Gairmoideachais ar bhonn náisiúnta chun soláthar a dhéanamh d'oideachas dara leibhéal lán-Ghaeilge ar fud an Stáit, lena n-áireofar sa Ghaeltacht, agus chun a chinntiú go mbeidh an fhoireann ar fad i ngaelscoileanna ábalta a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge ar bhonn laethúil agus go nglacfar le cur chuige comhtháite ó thaobh seirbhísí cúnta, comhairleacha agus tacaíochta a chur ar fáil do ghaelscoileanna chun go soláthrófar na	ROS	Níor tharla aon ghníomh i gCéim Feidhmithe 1, 2010-2012	Le cur san áireamh ar mhaithe lena chur chun cinn, b'fhéidir, i gCéim 2, 2013-2015

	<p>seirbhísí sin i nGaeilge nuair is féidir.</p> <p>Cuirfear tacaíochtaí oideachais amhail téacsleabhair agus ábhair chlosamhairc i nGaeilge ar fáil do na scoileanna sin.</p>	<p>ROS COGG</p>	<p>Is é seo polasaí na ROS faoi láthair. Tá an soláthar ar théacsleabhair trí Ghaeilge breisithe le deich mbliana anuas. Tá an ROS tiomanta do thacaíocht a thabhairt do COGG ina cuid oibre sa ghnó seo.</p>	<p>Ag tarlú go leanúnach</p>
--	--	---------------------	---	------------------------------

1.13 Bunú Scoileanna Nua

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.13.1	Is é an toradh a bheidh ar an athbhreithniú ar sholáthar bhunscoileanna go mbreithneofar socruithe nua ó thaobh bhunscoileanna nua a aithint agus go nglacfar leo. Déanfar na héilimh ar leathnú ar sholáthar oideachais trí mheán na Gaeilge a bhreithniú i gcomhthéacs na socruithe nua a bhunófar ó thaobh aitheantas a thabhairt do scoileanna nua.	ROS	Faoi na critéir nua a bunaíodh i 2012, tugtar deis don earnáil lán-Ghaeilge iarratas a chur isteach don soláthar trí mheán na Gaeilge i gceantair ina bhfuil an pobal méadaithe go mór. Bunófar ceithre scoil nua lán-Ghaeilge (as mór-iomlán 20) suas go dtí 2015. Leanfaidh an ROS ar Ghaelscoileanna a sholáthar i gceantair ina mbíonn méadú déimeagrafach. In áiteanna ina bhfuil na huimhreacha déimeagrafacha seasta, déanfaidh an Roinn freastal ar scoileanna Béarla atá ann cheana a athsholáthrú go pátrúin eile, iad siúd a mbíonn Gaelscoileanna faoina stiúir freisin – tagann sé seo mar thoradh ar an tuarascáil ón bhFóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile (2012).	2015
1.13.2	Ag an iar-bhunleibhéal, bunaíodh socruithe nua d'aitheantas scoileanna dara leibhéal i mí Iúil 2010. Tá soláthar iontu sin do chreat nua ina leagtar amach critéir shoiléire faoina ndéanfar iarratais ar scoileanna nua dara leibhéal a mheas. Samhlaíonn na critéir nua sin nach	ROS	Leanfaidh an ROS leis an bpolasaí reatha ina n-aithnítear ceantair ina bhfuil gá le Gaelcholáiste nua agus tacófar lena mbunú trí	2014

	<p>mbunófar scoileanna nua ach in áiteanna ina mbeidh éileamh déimeagrafach agus gur idir 800 agus 1000 dalta ar an meán a bheidh sna scoileanna nua. Leag na critéir amach freisin gur 400 an bhonntairseach do ghaelcholáistí, ag féachaint don rogha ar aonad a bhunú laistigh de scoil.</p>		<p>thairseach níos ísle a bheith acu i.e., éileamh 400 seachas 800-1000 dalta). Bunófar trí iar-bhunscoil nua lán-Ghaeilge (as móriomlán 17) suas go 2014.</p>	
--	---	--	--	--

1.14 An Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoileanna (COGG)

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
1.14.1	Beidh príomhról ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i bhfeidhmiú na Straitéise san earnáil oideachais i gcomhar leis na gníomhaireachtaí atá ann.	ROS	Tá COGG páirteach anois sa Ghrúpa Oibre Ardleibhéil ar a n-áirítear COGG, Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta.	2012 ar aghaidh
1.14.2	Cuirfear an fhoireann chúí agus na hacmhainní cúí ar fáil don Chomhairle lena dualgas a chomhlíonadh mar atá: <ul style="list-style-type: none"> • soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomhordú; • comhairle a chur ar an Aire maidir le polasaithe a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta; • seirbhísí taca trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do na scoileanna sin; • taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann an mhír seo; agus • soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomhordú agus taighde a sheoladh, agus comhairle a chur ar an Aire maidir le straitéisí a bhfuil an cuspóir acu feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais. 	ROS	Tá pleananna ann chun COGG a chomhshuí le CNCM ach leanfaidh COGG mar shlánaonad ar leith. Tabharfaidh an comhshuíomh seo deis cur leis na sinéirgí idir saothar COGG de réir mar a dhéanann sé acmhainní a sholáthar agus saothar an CNCM de réir mar a dhéanann sé curaclaim sa Ghaeilge a fhorbairt.	2013
1.14.3	Neartófar ról COGG mar aitheantas ar an ngá le dul i ngleic le saincheisteanna éagsúla a bhaineann go sonrach le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge i scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, sa	ROS	Mar atá i 1.14.2	2013

	Ghaeltacht agus lasmuigh di araon, agus le teagasc na Gaeilge i ngach scoil aitheanta. Beidh ról lárnach ag COGG ó thaobh comhairle dhíreach a chur ar ghaelscoileanna faoi dhea-chleachtas i dtaca le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.			
1.14.4	I ndáil leis an tsaincheist thábhachtach a bhaineann le riachtanais shainiúla scoileanna Gaeltachta agus riachtanais shainiúla ghaelscoileanna, déanfaidh grúpa ardleibhéil athbhreithniú ar na polasaithe atá ann i láthair na huaire agus déanfaidh siad iniúchadh ar athruithe féideartha, lena n-áirítear forbairt polasaithe nua do scoileanna Gaeltachta agus do ghaelscoileanna. Déanfar feidhmeanna féideartha eile do COGG a bhreithniú i gcomhthéacs an phlé sin. Beidh ionadaithe de chuid na bpáirtithe leasmhara ábhartha ar an ngrúpa ardleibhéil, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, COGG, Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta.	ROS REOG	Tá Grúpa Ardleibhéil bunaithe faoi choimirce an Ghrúpa Déthaobhach (ROS & REOG) agus tagann an grúpa seo le chéile go ráithiúil.	2012 ar aghaidh

2. An Ghaeltacht – Pleanáil Teanga sa Ghaeltacht

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tosófar próiseas pleanála teanga agus déanfar plean teanga a ullmhú ag leibhéal pobail do gach ceantar Gaeltachta. Déanfaidh na pleananna sin comhtháthú ar an gcur chuige maidir le ceisteanna teanga, oideachas, pleanáil fhisiciúil agus forbairt shóisialta agus pobail. Beidh rannpháirtíocht agus comhoibriú ón bpobal rithábhachtach.

Thar aon ní eile, beidh na pleananna sin teangalárnaithe. Cuimseofar gach gné de shaol an phobail sna ceantair sin iontu. Tabharfar tosaíocht do ghníomhaíochtaí pleanála teanga a bhfuil gá leo le háit na Gaeilge mar theanga phobail a chinntiú chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt d'inbhuanaitheacht na Gaeltachta mar eintiteas teanga. Maidir leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, beidh gníomhaíochtaí sna pleananna teanga sin leagtha amach faoi na ceanteidil seo a leanas:

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
2.1	Pleanáil Oideachais.	REOG ROS	Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna chun ról na ROS sa phróiseas pleanála seo a shoiléiriú i gcomhpháirt le REOG.	2013

3. Riarachán, Seirbhísí agus Pobal

3.1 Tionscnaimh agus pleananna teanga áitiúla lasmuigh den Ghaeltacht

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tosófar próiseas pleanála teanga agus déanfar plean teanga a ullmhú ag leibhéal pobail do na Líonraí Gaeilge. Is ceantair iad seo a mbeidh a bhformhór i bpobail uirbeacha agus a mbeidh cnap bunúsach criticiúil de thacaíocht phobail agus Stáit acu don Ghaeilge. Déanfaidh na pleananna sin comhtháthú ar an gcur chuige maidir le ceisteanna teanga, oideachas, pleanáil fhisiciúil agus forbairt shóisialta agus pobail. Beidh rannpháirtíocht agus comhoibriú ón bpobal ríthábhachtach.

Thar aon ní eile, beidh na pleananna sin teangalárnaithe. Cuimseofar gach gné de shaol an phobail sna ceantair sin iontu. Maidir leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, beidh gníomhaíochtaí sna pleananna teanga sin leagtha amach faoi na ceanteidil seo a leanas:

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
3.1.1	Déanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le hoideachas do dhaoine fásta, le hoideachas leanúnach agus ar feadh an tsaoil agus le hoiliúint a chuimsiú le gníomhaíochtaí comhtháthaithe ceantair áitiúil chun tionscnaimh a thugann tacaíocht don Ghaeilge a leathnú ó réimeanna na scoile agus an phobail go litearthacht do dhaoine fásta, cláir áineasa agus cláir gairmoiliúna.	REOG ROS	Féach 1.10.1 agus 1.10.2	Ag tarlú go leanúnach

4. Na Meáin agus an Teicneolaíocht

	Aidhmeanna	Comhlacht Poiblí	Gníomhaíocht	Amscála
4.1	<p>Tacófar le léamh agus le scríobh na Gaeilge trí na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm:</p> <ul style="list-style-type: none"> cláir um léitheoireacht threoraithe i scoileanna ag pointí sonracha idirghabhála (e.g. i rang a cúig sa bhunscoil, san idirbhliain in iar-bhunscoileanna agus i gColáistí Samhraidh Gaeilge, áit a mbeadh éisteacht le leabhair agus léamh leabhar agus ábhar eile i nGaeilge faoi stiúir údair nó criticeora le tacú le nósanna léitheoireachta aonair a fhorbairt). 	ROS COGG	<p>Tá COGG tar éis cur go mór leis an raon ábhar teagaisc ar a n-áirítear iad siúd don léitheoireacht Ghaeilge atá ar fáil do scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Tá raon leathan ábhar léitheoireachta ar fáil sa chlár <i>Séideán Sí</i> ar a n-áirítear leabhair mhóra, leabhair don léitheoireacht i gcomhpháirt agus don léitheoireacht bheirte, mar aon le húrscéalta ranga. Tá clos-ábhair dhílse mar chuid den scéim freisin ina bhfuil cainteoirí Gaeltachta. Leanfaidh an ROS ag tacú le COGG chun cur leis na hábhair a bhíonn ar fáil do mhúineadh na Gaeilge.</p>	Ag tarlú go leanúnach